



Tuarascáil Bhliantúil an CSI 2009



An Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid

Tuarascáil Bhliantúil 2009

Focal leis an Leas-Choimisinéir	3
1. An Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid	4
1.1. Bunadh agus ról an Choimisiúin Sábháilteachta Iarnróid	4
1.2. Struchtúr agus an Eagraíocht	4
1.3. Aonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid	4
2. Feidhmíocht ó thaobh na bhFeidhmeanna de:	5
2.1 Réamhrá	5
2.2 Gníomhaíochtaí maidir le Bonneagar & Rothstoc a Cheadú	5
2.2.1 Bonneagar	5
2.2.2 Rothstoc	5
2.2.3 Treoir	5
2.3 Iniúchóireacht, Monatóireacht agus Forfheidhmiúchán	5
2.3.1 Uiríll ón bpobal	5
2.3.2 Buairimh an Tionscail:	6
2.3.3 MIniúchóireacht ar mar a Chomhlíontar Ceanglais:	6
2.3.4 Cigireacht & Tionóiscí a Rianú	6
2.3.5 An Mhonatóireacht Fhrithghníomhach	6
2.4 Gníomhaíocht forfheidhmiúcháin	6
2.5 Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha	7
2.6 Pointí a dTeagmhaíonn Bóithre agus Iarnróid le chéile	7
3. Measúnacht ar Fheidhmíocht Shealbhóir an Dualgais ó thaobh na Sábháilteachta de	8
3.1 Réamhrá	8
3.2 Líonra Iarnród Éireann	8
3.3 LUAS	8
3.4 Córais Thionsclaíocha	9
3.5 Iarnróid Oidhreachta	9
4. Rialachas Corparáideach agus Riarachán	10
4.1 Réamhrá	10
4.2 Cúrsaí Airgeadais	10
4.2.1 Maoiniúchán	10
4.2.2 Ráiteas faoin gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais	10
4.2.3 Próisis maidir le Cúrsaí Airgeadais a Rialú	10
4.2.4 Dualgais Chánach a Chomhlíonadh	10
4.2.5 Taisteal agus speansais	10
4.3 Comhchoiste an Oireachtais um Iompar	11
4.4 Tiomantas don Ghaeilge	11
4.5 Saoráil Fhaisnéise	11
4.6 Cairt Chustaiméirí	11
4.7 Bainistíocht Rioscaí	11
4.8 Cód um Eitic agus Iompar Gnó	11
4.9 Ráiteas Straitéise 2009-2011	11
5. Ag Breathnú Amach Romhainn	12
Aguisín 1: Staitisticí Iarnród Éireann	13
Aguisín 2: Eachtraí agus gortuithe iarnróid ar líonra Iarnród Éireann 1998-2008	14
Aguisín 3: Staitisticí LUAS	15
Aguisín 4: Ceaduithe a dheonaigh an CSI in 2009	16

Focal leis an Leas-Choimisinéir



Faoi mar a cheanglaítear orainn a dhéanamh faoi alt 28 (3) den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005, cuirimid í seo, an ceathrú tuarascáil bhliantúil dár gcuid, i láthair an Aire Iompair. Tugtar léargas ginearálta sa tuarascáil seo ar a fheabhas is a d'éirigh linn ár bhfeidhmeanna a fheidhmiú chomh maith le léargas ar ár gcuid rialachas agus riarachán corparáideach. Maidir leis na hiarnróid a rialáimid, tugtar léargas ar a bhfeidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta de freisin.

Tús an-dearfach a bhí ann dúinn in 2009 agus cúigear cigire nua ag teacht isteach sa Choimisiún Sábháilteachta Iarnróid agus san Aonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid chomh maith, triúr isteach sa Choimisiún agus beirt isteach san Aonad.

Cosúil leis na trí bliana roimhe seo, caitheadh cuid shuntasach dár gcuid ama le bonneagar agus rothstoc nua a cheadú, agus an próiseas ag leanúint ar aghaidh maidir le lompar 21 a chur i ngníomh. Is údar áthais dom a chur in iúl gur tháinig méadú ar leibhéal na hiniúcháireachta agus na monatóireachta i leith gach gnóthais iarnróid in 2009.

Tugtar mioneolas faoi threochtaí ó thaobh tionóiscí de in Aguisín 2 agus 3. D'fhéadfadh iarmhairtí i bhfad níos tromchúisí a bheith i gceist le dhá eachtra ach go háirithe. Tharla an chéad eachtra nuair a thit cuid de Tharbhealach an Mhóinéir Leathain díreach ó thuaidh ó Stáisiún Mhullach Íde, agus tharla an dara ceann nuair a bhuaib bus de chuid Bus Átha Cliath agus tram de chuid Luas faoi a chéile ar Shráid Uí Chonaill. Ar an dea-uair, ní bhfuair aon duine bás dá bharr.

An clár oibre Eorpach a stiúran cuid shuntasach dár n-ualach oibre. Sa chomhthéacs Eorpach, is údarás sábháilteachta beag muid a dhéanann maoirseacht ar líonra iarnróid náisiúnta beag. Mar pháirtí rannpháirteach áfach, caithfidh dul i bhfeidhm ar fhorbairtí ó thaobh na reachtaíochta trí rannpháirtíocht thuisceanach agus dhíreach. Glacaimid páirt ghníomhach i meithleacha agus i gcruinnithe Ghníomhaireacht Iarnróid na hEorpa (GIE) maidir le polasaithe agus, i gcomhar leis an Roinn Iompair, ar leibhéal an Choimisiúin Eorpaigh.

Is mian liom buíochas a ghabháil le foireann uile an CSI as a dtiomantas agus as a dtacaíocht i rith 2009.

Mary Molloy
Leas-Choimisinéir Sábháilteachta Iarnróid

1. An Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid

1.1. Bunadh agus ról an Choimisiúin Sábháilteachta Iarnróid

Bunaíodh an CSI an 1^ú Eanáir 2006 faoi fhoráil de chuid an Achta um Shábháilteacht Iarnróid 2005, le freagracht as sábháilteacht na n-iarnród a rialáil agus a imscrúdú. I gcomhthéacs na Teorach Eorpaí maidir le Sábháilteacht Iarnróid (2004/49/CE) is é an CSI an tÚdarás Náisiúnta Sábháilteachta.

In 2008, tháinig rialacháin bhreise (I.R. Uimh. 61 de 2008) i bhfeidhm, rud lenar sainmhíniú tuilleadh áit agus ról an CSI i ndlí na hÉireann agus lenar leasaíodh roinnt forálacha d'Acht 2005 chun treoracha ón AE a chur i ngníomh.

Agus an dá rud sin á n-áireamh le chéile, fágтар go bhfuil an CSI freagrach as rothstoc agus bonneagar nua a cheadú, agus as an tionscal a rialáil lena chinntiú go mbeidh lucht an tionscail in ann a rioscaí féin a bhainistiú go héifeachtach. Déanann an CSI tionscnaimh um shábháilteacht iarnróid idir lucht an tionscail agus páirtithe leasmhara seachtracha a chomhordú agus a spreagadh freisin. Ar deireadh, is é an CSI an tÚdarás Náisiúnta Sábháilteachta faoi Dhlí na hEorpa agus tá sé freagrach as a chinntiú go gcuirfear athruithe éagsúla a bhaineann le cúrsaí teicniúla agus nósanna imeachta sábháilteachta i ngníomh sa chaoi is go mbeidh líonra na hÉireann ag teacht leis an gcaighdeán Eorpach.

1.2. Struchtúr agus an Eagraíocht

Eagraíocht bheag ghairmiúil is ea an CSI lena mbaineann struchtúr tuairisceoireachta leibhéalta a thacaíonn agus a éascaíonn le faisnéis agus smaointe sruthlú thart go saoráideach, rud a spreagann an comhairliúchán agus an smaointeoireacht chruthaitheach. Comhlánaíonn sé seo ár gcuspóir leis an sármhaitheas a chur chun cinn sa tsábháilteacht iarnróid. Soláthraíonn sé an tsolúbthacht dúinn freisin a bhíonn ag teastáil uainn chun freagairt go héifeachtach d'éilimh oibre nach mór freastal orthu láithreach agus nach féidir a thuar, agus chun na tascanna struchtúrtha laistigh dár bplean gnó a chur i gcrích.

Seisear ball foirne atá ag obair sa CSI faoi láthair, maidir le cúrsaí teicniúla. Tá ceadú tugtha dúinn beirt chigirí bhreise a cheapadh ach mar gheall ar lánchosc na Roinne Airgeadais ar an earcaíocht, tá na poist sin curtha ar feitheamh. Bíonn beirt bhall foirne dár gcuid i mbun oibre maidir le feidhmeanna riaracháin. Chuaigh an Coimisinéir ar scor ag deireadh 2009. Táthar ag súil go gceapfar Coimisinéir nua go luath in 2010.

1.3. Aonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid

Chun ceanglais Airteagal 18 den Treoir maidir le Sábháilteacht Iarnróid a chomhlíonadh, déantar foráil leis an Acht le hAonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid a bhunú laistigh den CSI a mbeadh riarachán roinnte i gceist leis ach na socruithe maidir le feidhmeanna na hearcaíochta agus na tuairisceoireachta dealaithe óna chéile. In 2007, cheap an tAire Iompair Príomh-Imscrúdaitheoir an Aonaid. In 2009, d'fhógair an tAire Iompair go mbunófaí comhlacht a d'imscrúdódh tionóiscí na modhanna éagsúla iompair le chéile. Cé go bhfuil reachtaíocht bhunaitheach fós le rith, tá sé i gceist go mbeadh an tAonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid ina chuid den chomhlacht nua sin. Go dtí go mbunófar an comhlacht áfach, coinneoidh an tAonad a stádas reatha laistigh den CSI.

Imscrúdú cúisíoch a dhéanann an tAonad, is é sin le rá go bhféachann lucht an Aonaid le fíricí iomlána eachtra a shainaithint chomh maith leis an bhfáth gur tharla sí d'fhonn atarlú na heachtra a chosc. Sa Treoir maidir le Sábháilteacht Iarnróid, sonraítear íos-tairseach, ó thaobh cailteanais agus gortuithe de, agus caithfear imscrúdú a dhéanamh má théann leibhéal an chailteanais agus na ngortuithe os cionn na tairsí sin. Bíonn sé ar chomhairle an aonaid an ndéanfar eachtraí lena ngabhann tionchar níos lú a imscrúdú.

Thionscain lucht an Aonaid ocht n-imscrúdú fhoirmiúla in 2009 faoi eachtraí agus faoi thionóiscí ar an iarnród.

2. Feidhmíocht ó thaobh na bhFeidhmeanna de:



2.1 Réamhrá

Is féidir na feidhmeanna a fheidhmíod a dhealú ina dtrí phríomhréimse –i) bonneagar agus rothstoc a cheadú, ii) iniúcháireacht, monatóireacht agus forfheidhmiúchán, agus iii) gnóthaí idirnáisiúnta agus Eorpacha.

2.2 Gníomhaíochtaí maidir le Bonneagar & Rothstoc a Cheadú

2.2.1 Bonneagar

Bhí cuid mhaith gníomhaíochta ann sa réimse ó thaobh Bonneagar a cheadú i rith 2009 agus coimisiúnaíodh tionscadail shuntasacha mar chuid de na gníomhaíochtaí sin freisin. Coimisiúnaíodh athoscailt na líne ón nGleanntán go dtí Mainistir na Corann i mí Iúil. Coimisiúnaíodh Tionscadal Bhealach Chill Dara i mí na Nollag agus is éard a bhí i gceist leis sin ceithre rian a chur mar chuid den iarrnóid idir Bóthar Le Fanu, in aice le hInse Chóir i mBaile Átha Cliath agus Collchoill i gCo. Chill Dara. Is i mí na Nollag freisin a coimisiúnaíodh an obair le Líne Dhearg an LUAS a thabhairt chomh fada leis an O2. Chuathas ar aghaidh leis an obair agus tríd an gcéim lenar dearadh mionghnéithe na hoibre atá le déanamh ar na línte eile de chuid LUAS atá le fadú; líne A1 idir Belgard agus Teach Sagard agus líne B1 idir Áth an Ghainimh agus Coill na Silíní. Cheadaíodh Bealach Iarrnóid an Iarthair tar éis d'obair mhionsonraithe maidir lena dhearadh a bheith déanta chomh maith le líon teoranta oibríochtaí le tiománaithe a oiliúint. Tá mionsonraí maidir leis an mbonneagar a cheadaíodh i rith 2009 le léamh in Aguisín 4.

2.2.2 Rothstoc

Cheadaíodh an chéad ghlúin eile d'fheithicilí LUAS, feithicil *Citadis 402*, go gcuirfí i mbun seirbhíse iompair paisinéirí iad. Tugadh cead go rachfaí ar aghaidh le coincheap a dhearadh d'fheithicilí an rothstoc don Mheitreo Thuaidh. Tugadh ceadú teoranta don *Irish Steam Preservation Society* le galghluaisteoir *Barclay* uimhir 2265 a oibriú, tugadh ceadú teoranta chomh maith d'Iarrnóid Iarthar an Chláir le galghluaisteoir a oibriú. Tá mionsonraí maidir leis an rothstoc a cheadaíodh i rith 2009 le léamh in Aguisín 4.

2.2.3 Treoir

Lean an CSI ar aghaidh le treoirlínte a tháirgeadh do ghnóthais iarrnóid agus do thríú páirtithe, agus cuireadh na cinn seo a leanas i gcrích i rith 2009:

- RSC-G-014: treoirlíne do lucht na seirbhísí éigeandála.
- RSC-G-020: treoirlíne chun bonneagar oibreacha nua comharthaíochta a mheasúnú ó thaobh na sábháilteachta de.
- RSC-G-021: treoirlíne chun cabhrú le gach feithicil iarrnóid a iontráil sa Chlár Eorpach Feithicilí.

2.3 Iniúcháireacht, Monatóireacht agus Forfheidhmiúchán

Faoi mar ab amhlaidh i mblianta roimhe seo, tagann ár ngníomhaíochtaí iniúcháireachta agus monatóireachta as cúig phríomhfhoinsé

- Gearáin agus uiríll ó, nó thar ceann, paisinéirí;
- Buairimh an tionscail ó thaobh na

sábháilteachta de, a thagann chun cinn de thoradh tionóiscí agus eachtraí de ghnáth;

- An gá lena chinntiú go mbíonn a gcáis sábháilteachta ceadaithe á gcur i ngníomh ag gnóthais iarrnóid;
- An gá le feidhmíocht shealbhóirí dualgais sábháilteachta uile an tionscail a mheasúnú go leanúnach, trí iniúchtaí agus trí thionóiscí a rianú.
- An mhonatóireacht fhrithghníomhach.

2.3.1 Uiríll ón bpobal

Is é an pobal, paisinéirí nó daoine eile, ár bpríomhchustaiméirí agus tugtar an-aird ar fad i gcónaí ar a gcuid buaireamh ó thaobh shábháilteachta na n-iarrnóid de. Féachann an CSI, cibé uair gur féidir, le déileáil leis na ceisteanna go díreach, ach nuair is gá, lorgáimid faisnéis bhreise ón sealbhóir dualgais sa chaoi is go soláthrófar freagairt iomlán chuimsitheach.

Fuaireamar aon uiríoll phoiblí dhíreach nó neamhdhíreach is tríocha in 2009 a bhain le raon ceisteanna ó thaobh bhonneagar agus oibriú na n-iarrnóid trom agus éadrom de, agus b'ardú é sin ar an líon uiríoll a fuarthas in 2008 (22). Ní raibh ceann ar bith díobh sin ina n-údar buairimh ó thaobh na sábháilteachta de láithreach nó ina n-údar buairimh go sonrach ach imscrúdaíodh iad ar fad agus freagraíodh dóibh ar fad. Leanann an CSI ar aghaidh le bheith ag rianú na n-ábhar a bhíonn i gceist leis na huiríll ar bhonn leanúnach ionas go sainnithneofar aon atarlú nó treochtaí a d'fhéadfadh a thabhairt le fios gur gá tuilleadh airde a thabhairt orthu. Bhí raon níos ilghnéithe de cheisteanna i gceist leis na huiríll in 2009 ná mar ab

2. Functional Performance

amhlaidh i mblianta roimhe, idir a shochloiste is a bhí na halaráim dorais agus shábháilteacht ghinearálta na stáisiún. Bhí méadú ar líon na ngearán nó na n-uiríoll a fuair an CSI maidir le traenacha Iarnród Éireann (IÉ), agus freagraíodh dóibh ar fad le cúnaimh IÉ.

2.3.2 Buairimh an Tionscail:

Coinníonn an CSI i dteagmháil, ar bhonn foirmiúil agus neamhfhoirmiúil, lenár gcomhchomhlachtaí rialála agus imscrúdúcháin san Eoraip. Scaip an CSI roinnt tuairiscí maidir le tionóiscí chomh maith le roinnt fógraí um chomhairle sábháilteachta a d'eisigh na comhlachtaí sin i gcás gur measadh iad a bheith bainteach le Gnóthais Iarnróid anseo, amhail an fógra sábháilteachta a eisíodh tar éis na heachtra in Viareggio san Iodáil.

Tharla trí eachtra in 2009 a bhí ina n-údar suntais, tharla an chéad cheann nuair a thit cuid de Tharbhealach an Mhóinéir Leathain díreach ó thuaidh ó Stáisiún Mhullach Íde, agus tharla an dara ceann nuair a bhuail bus de chuid Bus Átha Cliath agus tram de chuid Luas faoi a chéile ar Shráid Uí Chonaill. Tharla an tríú heachtra nuair a cuireadh traein de na ráillí ag Cill Mhantáin. Ar an dea-uair, ní bhfuair aon duine bás de bharr na n-eachtraí sin. Tá iniúcháireacht á dhéanamh ag an gCSI ar mar a chomhlíonadh ceanglais sábháilteachta i gcás na heachtra maidir le Tharbhealach an Mhóinéir Leathain agus nuair a cuireadh traein de na ráillí ag Cill Mhantáin, agus táthar ag coinneáil súile ar Fhiosrúchán Veolia maidir leis an imbhuailteacht a tharla ar Shráid Uí Chonaill.

2.3.3 Mniúcháireacht ar mar a Chomhlíontar Ceanglais:

Chuir an CSI clár monatóireachta i gcrích in 2009 lenár áiríodh dhá iniúcháireacht ar mar a chomhlíonann Córas Bainistíochta Sábháilteachta IÉ na ceanglais ábhartha. Leis an gcéad iniúcháireacht, díríodh ar an mbealach a bhainistítear fabhtanna ar an iarnród agus díríodh leis an dara hiniúcháireacht ar an mbealach a bhainistítear athruithe san eagraíocht. Rinneadh moltaí de thoradh an dá iniúcháireacht agus tá na moltaí sin curtha i ngníomh nó á gcur i ngníomh ag IÉ. Rinne an CSI athbhreithniú freisin ar threalamh a úsáidtear ar líonra an DART le traenacha a sheoladh, agus arís, saináithníodh roinnt saincheistanna dá bharr sin agus táthar tar éis aghaidh a thabhairt orthu fosta.

Rinne an CSI iniúcháireacht ar Veolia freisin maidir leis an mbealach a bhainistíonn siad fabhtanna ar iarnród chóras Iarnróid Éadrom Bhaile Átha Cliath (Luas). Rinneadh roinnt moltaí dá bharr arís agus tá Veolia ag tabhairt aghaidh orthu sin i gcomhar le hAlstom agus leis an nGníomhaireacht um Fháil Iarnród.

Leanann an CSI ar aghaidh le bheith ag déanamh monatóireacht ar an mbealach a chuirtear moltaí i ngníomh ag cruinnithe a tharlaíonn leis na gnóthais iarnróid go rialta.

2.3.4 Cigireacht & Tionóiscí a Rianú

Rinneadh cigireacht le linn na seirbhíse ar gach iarnród oidhreachta dá bhfuil á fheidhmiú faoi láthair. Rinneadh cigireacht ar roinnt seirbhísí de chuid IÉ agus ar Veolia freisin lenár díríodh ar:

- An dumpáil mhídhleathach;
- Sruth na bpaisinéirí agus bailíochtú ar imeacht dóibh ag stáisiúin;
- Oibreacha Tríú Páirtithe;
- Bonneagar na mbealaí tram agus foghail;

Sa chás go rabhtas in ann, thapaigh cigirí an deis le taisteal i gcábáin traenacha chun oibríochtaí agus an bhail a bhí ar an mbuanbhealach a mheasúnú.

2.3.5 An Mhonoráireacht Fhrithghníomhach

Tharla monatóireacht fhrithghníomhach, rinneadh cigireacht ar shuíomhanna agus imscrúdú/iniúcháireacht ar mar a chomhlíontar ceanglais i ndáil le:

- Imbhualadh ag Port Láirge;
- Eachtraí inar buaileadh geataí ar chrosaire comhréidh iarnróid tionscail Bhord na Móna ag Cnogús Buí
- Titim Tharbhealach an Mhóinéir Leathain
- Leathadh an riain ar iarnród oidhreachta Thrá Lí
- Sciordradh talún agus traein curtha de na ráillí ag Cill Mhantáin

2.4 Gníomhaíocht forfheidhmiúcháin

Foráiltear le hAlt 7 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 le haghaidh roinnt beart forfheidhmiúcháin, ar nós Plean Feabhsúcháin a iarraidh agus Fógra Toirmisc. Eisíodh Fógra Feabhsúcháin in 2009 chuig IÉ i ndáil le hoibríthe a bhfuil ról criticiúil Sábháilteachta acu a thástáil go randamach ó thaobh drugaí agus alcól de, rud atá ina cheanglas faoi Acht 2005.



2.5 Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha

Déantar ionadaíocht ar an gCSI ag cruinniú an Choiste um Idir-Inoibritheacht agus Sábhálteacht Iarnróid a óstáil an Ard-Stiúrthóireacht Iompair agus Fuinnimh (DG-TREN) sa Bhrúiséal. Freastalaíodh ar cheithre chruinniú in 2009 a mhair dhá lá agus ar cheardlanna gaolmhara chomh maith.

I rith 2009, d'ullmhaigh an CSI na fógraí maidir le Rialacha Náisiúnta Sábhálteachta i gcomhair líonra na hÉireann don Choimisiún Eorpach. Is iad sin na rialacha sábhálteachta dlíthiúla agus cuirtear iad ar fáil d'aon oibreoir dá dtagann isteach. Cuireadh tús freisin le hobair ar rialacha teicniúla an líonra a shainathint d'fhonn iad a fhoilsiú in 2010.

Rinneadh dul chun cinn substaintiúil maidir le Clár Náisiúnta Feithicil a bhunú - caithfear uimhir fhormáide Eorpach a eisiúint mar chuid den Chlár do gach feithicil dá n-oibrítear ar an líonra.

Reáchtáladh seisiún chóchomhairliúcháin leis an Roinn Iompair agus le IÉ maidir leis an Treoir um Cheadúnú Tiománaithe Traenach a thrasúiomh.

2.6 Pointí a dTeagmhaíonn Bóithre agus Iarnróid le chéile

Tá cúrsaí sábhálteachta ag Pointí a dTeagmhaíonn Bóithre agus Iarnróid le chéile fós ina n-údar buairimh don CSI.

Tá an CSI ina chathaoirleach ar an Meitheal Sábhálteachta Iarnróid agus Bóthair, rud a thugann deis dó gníomhú maidir le míshuaimhneas faoin gceist trí chomhaltaí na Meithle – gnóthais iarnróid, údaráis bhóithre, an Roinn Iompair, tarlóirí bóthair agus na Gardaí. Tháinig an grúpa le chéile trí huairé in rith 2009. Le cois na gcruinnithe sin, d'eagraigh an grúpa cruinnithe feasachta timpeall na tíre chun teacht le chéile le hinnealtóirí agus le bainisteoirí ó na húdaráis áitiúla agus ó na hiarnróid chun ár n-obair sa ghrúpa a chur in iúl dóibh agus réimsí áirithe atá ina n-údar buairimh ag na suíomhanna ar tugadh cuairt orthu a phlé. Tharla trí chruinniú den sórt sin in 2009, ar an Muileann gCearr, i Luimneach agus ag Caisleán an Bharraigh.

Faoi mar a dúradh i dtuarascáil bhliantúil 2008, chuir an CSI taighde i gcrích sa réimse maidir le heachtraí ina mbuailtear droichid a chosc. Rinneadh roinnt moltaí agus díriodh iad ar na páirtithe leasmhara ábhartha ar fad lena n-áirítear an CSI, IÉ, an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (RSA) agus Comhlachas Tarlú Bóthair na hÉireann (IRHA). Tá na heagraíochtaí aonair tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na moltaí sin agus tá monatóireacht á déanamh tríd an Meitheal Sábhálteachta Iarnróid agus Bóthair ar an bpróiseas lena bhfuiltear á gcur i ngníomh.

3. Measúnacht ar Fheidhmíocht Shealbhóir an Dualgais ó thaobh na Sábháilteachta de

3.1 Réamhrá

Meastar feidhmíocht sealbhóirí dualgais i bPoblacht na hÉireann ó thaobh na sábháilteachta de do na ceithre phríomhearnáil iarnróid a rialálann an CSI, mar atá, an t-iarnród trom, an t-iarnród éadrom, córais thionsclaíocha agus na hiarnróid oidhreachta. Tá sé d'oireagáid ar gach gnóthas iarnróid eachtraí agus tionóiscí iarnróid a chur in iúl don CSI. Úsáidtear na sonraí sin chun feidhmíocht na sealbhóirí dualgais ó thaobh na sábháilteachta de a mheasúnú, i measc rudaí eile.

3.2 Líonra Iarnród Éireann

Tá 1665 ciliméadar de bhealaí iarnróid i líonra IÉ. Is iad seo a leanas na príomhathruithe ar an gcóras in 2009:

- Coimisiúnaíodh an líne idir an Gleanntán agus Mainistir na Corann;
- Coimisiúnaíodh an obair le ceithre rian a chur mar chuid den iarnród siar ó Inse Chóir agus chomh fada le Collchoill.

Tháinig laghdú 14.9% ar líon na dturas a rinne paisinéirí ar an iomlán, ó 44.6 go dtí 38.8 milliún.

Cuirtear staitisticí maidir le feidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta de i láthair go mion in Aguisín 2. I measc na bhfeabhsúcháin a taifeadh bhí laghdú ar líon na dtraenacha a bhuaill faoi mhótarfeithicilí nó faoi gheataí ag crosairí comhréidhe, laghdú ar dhóiteán nó ar dheatach ar ghluasteoirí nó ar rothstoc eile, laghdú ar a mhíonice is a bhuaill feithicilí bóthair uchtbhallaí na ndroichead iarnróid agus laghdú ar a

mhíonice is a bhuaill traenacha faoi ainmnithe.

Bhí méadú suntasach ann ar líon na ndroichead faoin iarnród ar bhuaill feithicilí bóthair iad. Bhí méadú ann fosta ar líon na ráillí briste. Tharla an t-eachtra ba thromchúisí in 2009 nuair a thit Tarbhealach an Mhóinéir Leathain an 21 Lúnasa 2009. Rinne an tAonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid imscrúdú ar an gcás agus rinne an CSI iniúchóireacht ar an mbealach ar comhlíonadh ceanglais ábhartha. Spreagadh daoine le machnamh a dhéanamh thar mar a rinneadh cheana faoin mbealach a bhainistítear struchtúir tar éis do thraein a bheith curtha de na ráillí ó dheas ó Chill Mhantáin ina dhiaidh.

3.3 LUAS

Is éard atá i gcóras iarnróid éadroim uirbigh LUAS dhá líne ar leithligh a ritheann ar rianta dúbailte. Tá an líne Ghlas 9 km ar fad agus ritheann sé ó Fhaiche Stiabhna go dtí Áth an Ghainimh. Is iad tramanna Luas amháin a thaistealaíonn ar an mbóthar ar 90% den líne sin. Tá an líne Dhearg 16.6 km ar fad, ag rith ó Thamhlacht go dtí The Point (Dughailte Bhaile Átha Cliath). Is iad tramanna Luas amháin a thaistealaíonn ar an mbóthar ar 60% den líne sin.

Ba é 2.695 milliún (milliún ar an Líne Ghlas agus 1.7 milliún km ar an Líne Dhearg) líon iomlán na gciliméadar a thaisteal na tramanna in 2009, laghdú thart faoi 2% i gcomparáid le 2008. Chuir paisinéirí 25.4 milliún turas i gcóras san iomlán in 2009, laghdú thart faoi 7% i gcomparáid le 2008.

Is iad seo a leanas na príomhathruithe ar an gcóras in 2009:

- Coimisiúnaíodh agus ceadaíodh 402 tramanna le haghaidh seirbhíse do phaisinéirí i mí Mheáin Fómhair 2009;
- Osclaíodh síneadh C1 le seirbhís a chur ar fáil do phaisinéirí i mí na Nollag 2009;
- Cuireadh obair ar Thimpeallán na Bó Deirge i gcrích i mí na Nollag 2009.

Taifeadh na heachtraí seo a leanas maidir leis an tseirbhís iarnróid do phaisinéirí i rith na bliana 2009:

- 1 tionóisc mhór amháin a bhain le trácht ar bhóthar
- 22 miontionóisc a bhain le trácht ar bhóithre
- 18 n-eachtra inar tharla mionteagmháil le coisí
- Cuireadh traein amháin de na ráillí
- Chlis tram amháin

Tháinig laghdú suntasach ar líon na dtionóiscí a bhain le trácht ar bhóithre i gcomparáid le 2008, agus tá líon na gciliméadar, ar an meán, a ritheann na tramanna idir tionóiscí den sórt sin os cionn 100.000 ciliméadar anois. Tharla tionóisc mhór a bhain le trácht ar bhóthar an 16 Meán Fómhair 2009 áfach nuair a bhuaill tram faoi bhus cathrach dhá urlár de chuid Bus Átha Cliath ag acomhal Shráid Uí Chonaill, agus gortaíodh 22 duine dá bharr. As a measc sin, gortaíodh triúr paisinéirí ar an mbus go mór chomh maith leis an tiománaí tram. Tá na Gardaí agus an tAonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid ag imscrúdú na tionóisce sin.



Lean ráta na minicíochta a cuireadh na coscáin ag obair chun freagairt d'éigeandáil ar aghaidh le bheith ag dul i laghad: taifeadadh 350 eachtra i gcomhair 2009. Tháinig méadú ar líon na n-uaireanta ar baineadh úsáid as an murlán éigeandála, ó 43 in 2008 go dtí 108 in 2009, agus ní raibh cúis mhaith i gceist ach le 13 cinn de na heachtraí sin.

3.4 Córais Thionsclaíocha

Is é córas iarnróid thionsclaíoch Bhord na Móna an t-aon cheann dá shórt a theagmhaíonn le bóthar poiblí. Tá rannpháirtíocht an CSI teoranta agus ní chuimsítear ach na pointí a dteagmhaíonn an t-iarnród sin le bóithre poiblí agus le hiarnród eile.

Tharla dhá eachtra ag crosairí comhréidhe in 2009 ag an áit chéanna, agus bhain an dá cheann le tríú páirtithe a bheith ag feidhmiú geataí ag crosairí comhréidhe roimh an am ceart le linn do thraenacha a bheith ar na crosairí, rud a d'fhág gur cuireadh vaigíní de na ráillí. Níor gortaíodh aon duine ná ní bhfuair aon duine bás dá bharr. Rinne an CSI cigireacht ar an suíomh agus rinneadh moltaí.

3.5 Iarnród Oidhreachta

Níor taifeadadh ach aon eachtra amháin a bhain le hiarnród oidhreachta in 2009, nuair a cuireadh traen de na ráillí agus í ag imeacht ar luas íseal, de bharr fabht a bheith ar an rian. Níor gortaíodh aon duine dá bharr. Cé gur shásúil mar a d'fheighmigh an earnáil ó thaobh na sábháilteachta de i gcoitinne, tá an CSI ag obair le roinnt oibríochtaí iarnróid oidhreachta chun caighdeán sábháilteachta a ardú.

4. Rialachas Corparáideach agus Riarachán

4.1 Réamhrá

Is éard atá sa rialachas corparáideach na córais agus nósanna imeachta lena ndéantar fiontair a stiúradh agus a rialú. Maidir leis sin, ghlac an Coimisiún an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, faoi mar atá foilsithe ag an Roinn Airgeadais, agus tá an Cód sin á chomhlíonadh ag an gCoimisiún.

4.2 Cúrsaí Airgeadais

4.2.1 Maoiniúchán

Soláthraíonn an Roinn Iompair cuid dár maoiniúchán le Deontas-i-gCabhair agus tagann cuid dár maoiniúchán ó thobhach a chuirtear ar na gnóthais iarnróid. €1.9m a bhí i gceist leis an maoiniúchán ón Deontas-i-gCabhair in 2009. Bhain an CSI leas in 2008 as foráil alt 26(1) den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 agus rinne rialachán chun tobhach a fhorchur ar gach ceann de na gnóthais iarnróid. Déantar na rialacháin seo go bliantúil agus tá na rialacháin i gcomhair 2010 in Ionstraim Reachtúil Uimh. 10 de 2010.

Rinne an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ár gcuntas i gcomhair 2008 a iniúchadh agus cheadaigh an tArd-Reachtair iad i mí Mheáin Fómhair.

4.2.2 Ráiteas faoin gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Aithníonn an CSI go bhfuil sé d'fhreagracht air a chinntiú go bhfeidhmítear córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais agus go gcoinnítear an córas sin ar bun. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú absalóideach a sholáthar go gcumhdaítear sócmhainní,

go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta i gceart, agus mbítear ag teacht roimh earráidí nó roimh mhírialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí go tráthúil iad. Próiseas leanúnach is ea an obair le córas na rialuithe inmheánacha ar chúrsaí airgeadais a choinneáil ar bun agus déantar léirmheas go leanúnach ar éifeachtacht an chórais.

4.2.3 Próisis maidir le Cúrsaí Airgeadais a Rialú

Is é seo an ceathrú bliain atá an CSI ar an bhfód. Bíonn próisis agus nósanna imeachta á bhforbairt go leanúnach againn le cinntiú go rialaítear cúrsaí inmheánacha go láidir. Tá roinnt beart sainaitheanta chun cabhrú linn é sin a chinntiú agus táthar tar éis céimeanna a ghlacadh chun na bearta sin a neadú sa CSI:

- Freagrachtaí bainisteoirí a shainmhíniú go soiléir
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus chun a cuid sócmhainní a chumhdach
- Na príonsabail a ghlacadh maidir leis an rialachas corparáideach, a foilsíodh sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit
- Feidhm Iniúcháireachta Inmheánaigh a bhunú chun comhairle a thabhairt don CSI maidir lena fhreagrachtaí a chomhlíonadh i leith an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

Bhí tuilleadh dul chun cinn déanta ag an gCSI i rith 2009 maidir le timpeallacht a chruthú ina rialófar cúrsaí inmheánacha go láidir trí chreat d'fhaisnéis rialta

bhainistíochta, trí nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear dualgais a dheighilt go soiléir, agus trí chóras tarmiligin agus cuntasachta. Is ábhar suntais na gnéithe seo a leanas den chreat sin:

- Córas cuimsitheach um buiséadú, lena ngabhann buiséad bliantúil, a ndéanann an CSI a athbhreithniú agus a chomhaontú;
- Gach íocaíocht ón gCoimisinéir a athbhreithniú go rialta agus go leanúnach;
- Gach sonrasc a dheimhniú, lena n-áirítear éilimh maidir le costais taistil agus chothaithe, sula n-íocann agus sula n-údaraíonn an Coimisinéir iad;
- Targaidí a leagan síos chun feidhmíocht ó thaobh cúrsaí airgeadais agus nithe eile a thomhas.

Deimhníonn an CSI go gcloítear le gach nós imeachta cuí maidir le cúrsaí airgeadais a thuairisciú, maidir le hiniúcháireacht inmheánach agus cúrsaí soláthair agus maidir le sócmhainní a dhiúscairt.

4.2.4 Dualgais Chánach a Chomhlíonadh

Tá a chuid oibleagáidí cánach á gcomhlíonadh ag an gCSI.

4.2.5 Taisteal agus speansais

Comhlíonann an CSI gach ciorclán ábhartha ón Roinn Airgeadais maidir le speansais taistil agus chothaithe agus speansais ghaolmhara.



4.3 Comhchoiste an Oireachtais um Iompar

Thug an CSI tuairisc i mí Mheáin Fómhair do Chomhchoiste an Oireachtais um Iompar tar éis do Tharbhealach an Mhóinéir Leathain titim.

4.4 Tiomantas don Ghaeilge

Tá an CSI tiomanta do na codanna ábhartha d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chur i ngníomh. Tá ár gcomharthaíocht agus stáiseanóireacht i nGaeilge agus Béarla araon faoi láthair.

4.5 Saoráil Fhaisnéise

Bhí an t-iar-rannán Cigireachta Iarróid, ár réamhtheachtaí faoi scáth na Roinne Iompair, faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise. Táthar ag súil go gcuirfeadh an Coimisiún san áireamh faoi lár 2010 i measc na n-eagraíochtaí atá faoi rialú an Achta seo. Idir an dá linn, táimid tiomanta do bheith ag déanamh de réir phrionsabail an Achta seo.

4.6 Chairt Chustaiméirí

Ullmhaíodh an Chairt Chustaiméirí in 2006 agus tá sé ar fáil ar ár suíomh idirlín. Tugtar cuntas sa Chairt seo ar an leibhéal seirbhíse lenár féidir le custaiméir a bheith ag súil ón gCSI. Ní bhfuarthas aon ghearáin maidir leis an tseirbhís do chustaiméirí in 2009.

4.7 Bainistíocht Rioscaí

Tá córas bainistíochta rioscaí i bhfeidhm ag an gCSI chun athbhreithniú a dhéanamh ar na rioscaí is mó dá bhfuil ann dá ghnó.

4.8 Cód um Eitic agus Iompar Gnó

Tá Cód um Eitic agus Iompar Gnó i bhfeidhm don Choimisiún agus don fhoireann ar fad agus táthar ag cloí leis.

4.9 Ráiteas Straitéise 2009-2011

Tháinig an CSI an dara Ráiteas Straitéise dá chuid in 2009. Sa cháipéis seo, sainnithnítear treo an Choimisiúin ó thaobh straitéise, agus an t-Aonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarróid san áireamh, don tréimhse 2009 go dtí 2011, agus soláthraíonn an cháipéis treoir shoiléir dár bpríomhpháirtithe leasmhara seachtracha maidir lenár spriocanna agus ár gcuspóirí gnó. Beidh muid faoi threoir an Ráitis Straitéise seo agus ár bhfreagrachtaí á gcomhlíonadh againn.

5. Ag Breathnú Amach Romhainn

Leanfaidh an CSI ar aghaidh lena fhreagrachtaí a chur i ngníomh faoi Acht 2005 agus faoi I.R. 61 de 2008 i rith 2010. Áirítear na réimsí seo a leanas mar chinn a dtabharfar tús áite dóibh in 2010:

- Líonra an iarnróid throim a dhéimhniú ó thaobh na sábháilteachta de de réir na gcritéar Eorpach.
- Dearadh tosaigh a cheadú do na hiarnróid a bheidh faoi thalamh; an Meitreo Thuaidh agus an DART Faoi Thalamh.
- Gach gnóthas iarnróid a iniúchadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu.

Táthar ag súil go mbeidh ualach oibre breá mór ann de bharr gnóthaí Eorpacha agus de réir mar a theannann spriocdhátaí linn maidir le Treoracha agus Rialacháin a chur i ngníomh. Táthar ag súil fosta go mbeidh tuilleadh oibre ann maidir le cláir na bhfeithiclí agus na cláir bhonneagair chomh maith le rialacha teicniúla agus diminsin líonra na hÉireann a shainmhíniú.

Beimid ag cur an bhail atá ar chúrsaí geilleagair faoi láthair san áireamh agus ár bhfeidhmeanna á gcomhlíonadh againn.

Aguisín 1:

Aguisín 1: Staitisticí Iarnród Éireann

Bliain	2001	2002	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009
Foireann	5,759	6,021	5,833	5,590	5,462	5,114	4,933	4,845	N/A
Km Traenach - paisinéirí	12,356,000	12,602,000	12,245,000	11,777,000	13,034,000	14,505,000	16,060,000	18,044,657	16,190,950
Km Traenach - lastas	4,133,000	2,895,000	2,705,000	3,350,000	4,953,000	3,737,000	772,000	1,034,173	946,374
Km Iomlána Traenach	16,489,000	15,497,000	14,950,000	15,217,000	17,987,000	18,242,000	16,832,000	19,918,501	18,182,358
Iomlán na dturas ag paisinéirí	34,206,000	35,370,000	35,558,000	34,550,000	37,653,000	43,350,000	45,513,000	44,646,000	38,800,000
Ciliméadair Iomlána ag Paisinéirí	1,515,303,000	1,628,410,000	1,600,615,000	1,581,698,000	1,781,400,000	1,872,067,000	2,007,065,000	1,975,786,000	1,681,100,000
Ciliméadair na mBealaí								1657	1665*

*Tabhair do d'aire gur athraíodh an bonn le Ciliméadair Bhealaí an Líonra a ríomh i rith 2009. Fuarthas figiúr nua dá bharr sin do 2008 agus 2009. Athosclaíodh líne Mhainistir na Corann i rith 2009, rud a d'fhág gur méadaíodh Ciliméadair na mBealaí.

Appendix 2

Aguisín 2: Eachtraí agus gortuithe iarnróid ar líonra iarnród Éireann 1998-2008

Oibriúcháin agus cothabháil iarnróid: gortuithe marfacha	2001	2002	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009
Gortú marfach do dhuine de bharr tionóisce traenach, ní ag crosaire comhréidh	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Gortú marfach do phaisinéir ag taisteal ar thraein, seachas i dtionóisc traenach	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Gortú marfach do phaisinéir ag iarraidh dul isteach nó amach as traein	-	1	-	-	-	-	-	-	-
Gortú marfach do chustaiméir, gan páirt ag traein ann	-	-	-	-	-	-	1	-	-
Gortú marfach de bharr tionóisce iarnróid ag crosaire comhréidh	-	1	-	1	-	-	1	1	-
Gortú marfach d'fhostaí ag crosaire comhréidh de bharr traein a bheith ag gluaiseacht	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Gortú marfach d'fhostaí de bharr traein a bheith ag gluaiseacht (seachas ag crosaire comhréidh)	1	-	-	-	-	-	-	-	-
Gortú marfach de shórt eile d'fhostaí ar an iarnród	-	1	-	-	-	-	-	-	-
Gortú marfach ar iarnród nó ar chrosaire comhréidh lenar tugadh le fios gur foghail nó bás amhrasach a bhí i gceist	11	9	10	11	8	7	5	8	5
Gortú do phaisinéir de bharr tionóisce traenach, ní ag crosaire comhréidh	11	5	-	-	12	-	-	-	2
Gortú do phaisinéir ag taisteal ar thraein, seachas i dtionóisc traenach	60	54	66	70	73	41	35	22	40
Gortú do phaisinéir ag iarraidh dul isteach nó amach as traein	65	43	69	65	48	55	50	43	17
Gortú do phaisinéir i stáisiún nó do chuariteoir ar áitreabh	81	108	81	86	105	69	84	74	88
Gortú d'fhostaí a bhain le gluaiseacht traenach nó tionóisc traenach	10	5	12	8	4	15	8	9	13
Gortú d'fhostaí i mbun oibre ar iarnród	118	104	109	118	100	69	78	79	65
Gortú d'fhostaí ag crosaire comhréidh	3	1	2	-	1	2	4	-	-
Duine gortaithe i dtionsóic iarnróid ag crosaire comhréidh	3	1	-	-	-	-	1	-	-
Gortú paisinéara i dtionsóic iarnróid ag crosaire comhréidh	-	-	-	1	-	-	-	-	-
Úsáideoir crosaire chomhréidh gortaithe	2	3	-	3	4	-	1	1	1
Gortú do dhuine eile	2	4	6	6	3	5	1	2	-

Eachtraí traenach	2001	2002	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009
Traein phaisinéirí nó traein earraí ar bith a cuireadh de ráillí ar líne reatha	1	1	4	-	2	3	1	2	1
Traein eile a cuireadh de na ráillí ar líne reatha	1	-	1	-	-	2	2	2	2
Imbhualadh traenach le traein phaisinéirí nó traein earraí ar bith ar líne reatha	1	-	1	-	1	1	-	-	1
Imbhualadh traenach le stad maoláin (traein phaisinéirí i mbun seirbhíse ar líne reatha)	2	1	-	-	-	-	-	1	-
Imbhualadh eile idir traenacha ar líne reatha	-	-	1	-	-	-	-	1	-
Imbhualadh traenach le mótarfeithicil ag crosaire comhréidh	2	4	-	2	2	1	4	4	-
Imbhualadh traenach le geataí faoi fhreastal ag crosaire comhréidh	4	3	2	3	-	2	2	1	-
Imbhualadh traenach le feithicil a bhí ag bacadh na líneach (ní ag crosaire comhréidh)	-	2	2	-	-	-	-	-	-
Imbhualadh traenach le hainmhí/ainmhithe	32	32	43	40	42	43	42	33	20
Imbhualadh traenach le constaic eile ar an líne	2	2	3	1	-	5	9	17	10

Eachtraí maidir le rothstoc	2001	2002	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009
Tine nó deatach ar ghluaisteoirí nó rothstoc eile	7	11	8	9	4	13	27	13	6
Carráistí traenach a d'imigh óna chéile agus an traein ag rith	-	2	1	-	3	-	1	1	1
Eachtra maidir le doras rothstoic	-	4	3	-	-	1	11	4	1

Eachtraí ar bhealaí buana & maidir leis an mbonneagar	2001	2002	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009
Ráille ar líne phaisinéirí scoilte ó bhun go barr	3	5	3	1	6	4	1	2	4
Bhuail feithicil bhóthair droichead faoin iarnród	79	99	137	123	203	194	140	86	97
Bhuail feithicil bhóthair uchtbhalla droichid os cionn an iarnróid	3	4	6	13	12	23	40	26	17
Traein dulta thar príomhchomhartha (reatha) contúirte sa chás gur tugadh rabhadh in am	29	22	32	29	36	25	22	12	17
Iomlán na gcomharthaí contúirte a ndeachthas tharstu	n/a	n/a	n/a	n/a	n/a	n/a	n/a	22	22

Tugann n/b le fios nach raibh an staitistic ar fáil tráth a raibh an tuarascáil seo á tiomsú

Aguisín 3

Aguisín 3: Staitisticí LUAS Staitisticí oibriúcháin agus tionóiscí Iarnród Éadrom Bhaile Átha Cliath 2004-2009

Bliain	2005	2006	2007	2008	2009
Km (mílte) Tram	2,500	2,661	2,751	2,744	2,695
Tionóiscí Tráchtá Bóithre (TTB)	36	24	28	32	23
Theagmhaigh duine leis an tram	8	21	18	20	18
Imbhualadh idir tramanna	1	-	-	-	-
Cuireadh de na ráillí in iosta	4	-	3	1	-
Cuireadh de na ráillí ar an bpríomhlíne	1	1	-	-	1
- Garchabhair	5	1	3	1	5
- Cóir leighis	10	9	11	4	20
- Cúram Ospidéal	2	2	2	1	4
Gortuithe Iomlána	17	12	16	6	29
Murlán Éigeandála	14	21	22	43	108
Coscán Éigeandála	946	747	540	435	350

(Is ionann – agus Nialas. Tugann N/B le fios nach raibh faisnéis ar fáil)

Nóta: Ba é 2005 an chéad bhliain iomlán a raibh LUAS i mbun feidhme.

Aguisín 4

Aguisín 4: Ceaduithe a dheonaigh an CSI in 2009

Tionscadail maidir le Bonneagar	Céim an Tionscadail		
	Dearadh Tosaigh	Dearadh Mion-sonraithe	Coimisiúnú an Oibriúcháin
Athchomharthaíocht i Lár na Cathrach	√		
Athchomharthaíocht idir Corcaigh agus an Cóbh	√		
Líne idir Baile Átha Cliath & Corcaigh: Droichead Hop	√	√	
Líne idir Baile Átha Cliath & Corcaigh: Dhá Dhroichead	√	√	√
Líne idir Baile Átha Cliath & Gaillimh: Trí Dhroichead	√	√	√
Iarnród Dhún Búinne do Chomaitéirí	√	√	
Tionscadal um Thicéid a Bhailíochtú ar Imeacht	√	√	
Brathadóirí do Bhoscaí na nAcastóirí Teo	√	√	√
Tionscadal Bhealach Chill Dara			√
Deisiúcháin ar Ardáin ag Léim an Bhradáin Confaí	√	√	√
Nascbhóthar Theas Luimnigh: Tardhroichead			√
Líne A1 an LUAS		√	
Líne B1 an LUAS		√	
Líne C1 an LUAS			√
Líne A LUAS – Droichead Coisithe		√	√
M7/M8 : Tardhroichead <i>Clonboyne</i>	√	√	
M7/M8 : Tardhroichead <i>Coolballyogan</i>	√	√	
M7/M8 : Tardhroichead <i>Maghernaskeagh</i>	√	√	
M7/M8 : Tardhroichead <i>Shanboe</i>			√
M50/N3 : Scéim chun Acomhal a Fheabhsú	√	√	
Tarbhealach Mhullach Íde	√	√	√
Líne Mhainistir na Corann			√
N6 : Tardhroichead Bhaile an Gharráin	√	√	√
N6 : Tardhroichead Fhearann an Bhlácaigh	√	√	√
N6 : Tardhroichead Fhearann na Manach	√	√	√
N6 : Tardhroichead an Átha Nua	√	√	√
N6 : Tardhroichead an Bhaile Nua	√	√	√
N7 : OBN57A a Leathnú	√	√	
N8 : Tardhroichead <i>Woodhill</i>			√
N9/N10 : Tardhroichead Dhún Cit	√	√	
N25 : Tardhroichead Acomhal <i>Granny</i>			√
N25 : Tardhroichead na Rátha Nua	√	√	√

Tionscadail maidir le Bonneagar	Céim an Tionscadail		
	Dearadh Tosaigh	Dearadh Mion-sonraithe	Coimisiúnú an Oibríocháin
N25 : Tardhroichead <i>WSVR</i> *	√	√	
N51 : Tardhroichead Dhún an Rí			√
N51 : Tardhroichead <i>Tara Mines</i>			√
Droichead na Sionna ag an Dromaid	√	√	√
Líne idir Port Láirge agus Ros Mhic Thriúin: Tardhroichead	√	√	
Nasc an Iarthair : <i>WSVR</i> *	√	√	
Bealach Iarnróid an Iarthair	√	√	

**WSVR* = Iarnród Phort Láirge agus Gleann na Siúire

Tionscadail Rothstóic	Céim an Tionscadail				
	Coincheap	Dearadh Tosaigh	Dearadh Mion-sonraithe	Tástáil & Coimisiúnú	Seirbhís
Vaigíní Ballasta	√				
Galghluaisteoir <i>Barclay 2265</i>	√	√	√	√	√
Cairr Iarnróid Idirchathrach	√				
Tram 402 an LUAS			√	√	√
Feithicil Ghlantacháin Iarnróid Bhóthair an LUAS	√				
Veain Gineadóra an Mk3 <i>Enterprise</i>	√				
Meitreo Thuaidh	√				
Meaisín Friteagmhála ag Pointí agus ar na Rianta		√			
Galghluaisteoir d'Iarnród Iarthair an Chláir					√
Taobh Istigh d'Fheithicil a Athchóiriú					√